Éinín an bhaile mhóir

"Cá ndéanfaidh mé mo nead?"
arsa éinín an bhaile mhóir.

ar an ráille teilifíse,
thuas ag barr an tí seo?

sa chlós? sa gharáiste?
i sean charr an pháiste?
i seanphota? i seanhata?
in aice leis an gheata?

Sa simléir in uachtar
Agus deatach do mo mhúchadh?

Thíos i bpoll an bhalla
Agus fearthainn do mo dhalladh?

Thíos i lár na sráide
i measc busanna 'is carranna?
Ar an líne teileafóin
Ní bhfaighinn bia ná lón.



An bhfuil áit ar bith ar an bhaile mór seo
ina ndéanfadh éinín bocht a nead?